# Staideanna na n-ábhar Comhad fíricí

# Staideanna na n-ábhar

## Céard is bia-eolaí ann?

Dearann agus déanann bia-eolaithe táirgí bia nua. Athraíonn bia-eolaithe staid bianna trí leá, reo nó bácáil. Oibríonn siad in go leor áiteanna oibre difriúla, ina measc:

- bialanna nó cistineacha
- ollscoileanna
- eagraíochtaí rialtais
- cumainn saintaighde.



*Is bia-eolaí é Heston Blumenthal. Úsáideann sé ceimic chistine chun bia a chócaráil ar bhealaí nua.*

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta**:

- Cruthaitheacht nuair atá bianna nua á ndearadh, á ndéanamh agus á dtástáil.
- Fiosrúcháin phraiticiúla a leagan amach nuair atá bianna á ndearadh agus á ndéanamh.
- Insint do chustaiméirí céard a aimsíonn tú.

## Céard is nanaitheicneolaí ann?

Aimsíonn nanaitheicneolaí bealaí le hábhair a dhéanamh ar scála an-bheag. Bíonn sé sin tábhachtach i bhfeidhmeanna éagsúla, ar nós:

- teicneoirí holagrafaíochta agus optaice
- innealtóirí déantúsaíochta
- bainisteoirí forbartha margaidh
- innealtóirí meicniúla
- innealtóirí optúla.



*Seo é Steve Jobs. D'úsáid sé nanaitheicneolaíocht nuair a d'fhorbair sé ríomhghrafaic.*

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta**:

- Bealaí a aimsiú le hábhair a dhéanamh ar scála an-bheag.
- Tomhas a dhéanamh le raon trealamh eolaíochta.

## Céard is poitigéir míochaine ann?

Meascann poitigéirí míochaine ceimiceáin i staideanna difriúla, ar nós gás, leachtanna agus solad, le cógais a dhéanamh chun cóir leighis a chur ar dhaoine a bhfuil tinnis nó galair orthu. Oibríonn poitigéirí míochaine in áiteanna difriúla, ina measc:

- saotharlanna
- cógaslanna
- ospidéil.



*Seo í Gunda Georg. Is poitigéir míochaine í in Ollscoil Minnesota i Stáit Aontaithe Mheiriceá.*

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta**:

- Imscrúduithe a leagan amach chun cógais a aimsiú a chuirfidh cóir leighis ar dhaoine a bhfuil tinnis nó galair orthu.
- Breathnú go cúramach chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint as ceimiceáin chun cóir leighis a chur ar dhaoine a bhfuil tinnis nó galair orthu.

*Ar mhaith leat do chuid foghlama faoi staideanna na n-ábhar a úsáid nuair a bheidh tú níos sine?*

ROYAL SOCIETY OF CHEMISTRY